



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

Ainm agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Cuireann an CNCM comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir leis na nithe seo a leanas:

- Curaclam agus measúnú don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna
- Nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe i gcás na n-ábhar atá mar chuid den churaclam.

Tá struchtúr ionadaíoch ag an CNCM agus is é an tAire a shocraíonn a bhallraíocht. Tá 25 ball ar an gComhairle agus ceaptar iad ar fad ar feadh téarma oifige trí bliana. Déanann na baill ionadaíocht do mhúinteoirí, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, leasanna gnó, ceardchumann agus leasanna eile oideachais. Is gné lárnach de chuid obair CNCM a bheith ag obair as lámha a chéile agus déantar comhairle a fhorbairt trí mheán taighde, plé, comhairliúcháin agus líonraí. Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag an CNCM, faoi stiúir Príomhfheidhmeannaigh, a bhíonn rannpháirteach i dtaighde agus comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga i réimse na luathbhlianta agus i réimse an oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile.

Tá an CNCM tiomanta go hiomlán do chumhdach fholláine na leanaí agus na ndaoine óga sin uile a mbíonn an Chomhairle ag obair leo. Faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí* (2015), cruthaítear **oibleagáidí reachtúla** maidir le leas agus cosaint leanaí. Leagtar oibleagáidí áirithe ar eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga. In *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2017) agus *Cumhdach Leanaí: Treoir maidir le Polasaí, Nós Imeachta agus Cleachtas* (2018), cáipéis de chuid Túsála, leagtar amach na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá ann le haghaidh gach duine agus gach earnáil den tsochaí. **Feidhmíonn oibleagáidí reachtúla faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí* (2015) i dteannta leis na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla).** I gcomhréir leis na riachtanais seo faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí* (2015) agus leis na hoibleagáidí dea-chleachtais, tá an CNCM tar éis aontú ar an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a leagtar amach sa cháipéis seo.

Treoirphrionsabail

- Tá an CNCM tiomanta do na caighdeáin is airde cumhdaigh leanaí a choinneáil, i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí agus ag cur an dea-chleachtais san áireamh.
- Trína rannpháirtíocht le leanaí agus daoine óga, tá an CNCM tiomanta dá gcuid sábháilteachta, leasa agus forbartha a chinntiú mar phríomhchuspóir agus mar thosaíocht.
- Tá an CNCM tiomanta do rúndacht a chinntiú i gcás imní maidir le cumhdach agus cosaint leanaí.
- Tá an CNCM tiomanta do chosaint chearta gach páiste agus duine óg a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí lena mbaineann pearsanra CNCM agus iad siúd atá ar conradh ag an CNCM. Áirítear leis na cearta sin an ceart go gcoinneofaí slán iad, go dtabharfaí cosaint dóibh ó dhíobháil, go n-éistfí leo agus go gcloisfí iad.
- Tá an CNCM tiomanta d'oiliúint a chur ar fáil do phearsanra de réir a gcuid riachtanas, freagrachtaí agus cuspóir a gcuid caidreamh le leanaí agus daoine óga.
- Rachaidh an CNCM i gcomhairle leis na húdaráis reachtúla iomchuí maidir le cosaint agus leas leanaí agus déanfaidh sé na riachtanais rúndachta a urramú go hiomlán agus é ag plé le cúrsaí cosanta agus cumhdaigh leanaí.
- I gcomhréir leis an dea-chleachtas faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí, ceapadh Teagmhálaí Ainmnithe (TA) agus Leasteagmhálaí Ainmnithe (LTA), a bhfuil freagracht orthu as na foirne luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile.

Foireann Luath-óige agus Bunscoile

Is í Arlene Forster an *Teagmhálaí Ainmnithe* (TA) don Fhoireann Luath-óige agus Bunscoile

Sonraí Teagmhála: arlene.forster@ncca.ie / 087 6353658

Is é Derek Grant an *Leasteagmhálaí Ainmnithe* (LTA) don Fhoireann Luath-óige agus Bunscoile

Sonraí Teagmhála: derek.grant@ncca.ie / 087 6038198

Foireann Iar-bhunscoile

Is é Barry Slattery an *Teagmhálaí Ainmnithe* (TA) don Fhoireann Iar-bhunscoile

Sonraí Teagmhála: barry.slattery@ncca.ie / 087 2555086

Is é Ben Murray an *Leasteagmhálaí Ainmnithe* (LTA) don Fhoireann Iar-bhunscoile

Sonraí Teagmhála: ben.murray@ncca.ie / 087 2297263

Measúnú Riosca

Cuirtear san áireamh sa Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí measúnú riosca a rinneadh laistigh den CNCM chun aon díobháil do leanbh nó do dhuine óg a aithint a d'fhéadfadh éirí as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí/imeachtaí eagraithe ag pearsanra CNCM chun tacú le forbairt curaclaim agus measúnaithe. Rinneadh an measúnú riosca faoi stiúir an Ghrúpa Oibre um Thús Áite do Leanaí, grúpa atá freagrach as na nósanna imeachta maidir le cosaint agus cumhdach leanaí a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach laistigh den CNCM. Áirítear i measc bhaill an ghrúpa an LTA ón bhFoireann Luath-óige agus Bunscoile, Oifigeach Oideachais ón bhFoireann Luath-óige agus Bunscoile, an LTA ón bhFoireann Iar-bhunscoile agus Oifigeach Oideachais ón bhFoireann Iar-bhunscoile. Chomh maith leis sin, rinneadh an Ráiteas a ullmhú i gcomhréir le hAlt 11(1)(a) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, áit a dtugtar an sainmhíniú seo a leanas ar céard is riosca ann: *aon fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh agus seirbhís an tsoláthraí á húsáid aige/aici*. In Alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar céard is díobháil ann: *i dtaca le leanbh, is éard is brí le díobháil ná – (a) ionsaí nó faillí a dhéanamh ar an leanbh nó drochíde a thabhairt dó/di, ar mhodh a chuireann isteach, nó gur dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó, (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh.* I dTábla 1: Measúnú Riosca Scríofa, tugtar liosta de na réimsí ina aithnítear riosca díobhála, mar aon le hachóimre ar na nósanna imeachta atá ann chun na rioscaí aitheanta seo a bhainistiú.

Tábla 1: Measúnú Riosca Scríofa

Riosca Aitheanta	Nósanna Imeachta atá ann chun an riosca aitheanta a bhainistiú
An riosca go ndéanfadh pearsanra CNCM díobháil do leanbh, duine óg nó aosach leochaileach le linn cuairteanna scoile nó ag imeachtaí eagraithe ag an CNCM.	<ul style="list-style-type: none">▪ Cinntíonn foireann CNCM go mbíonn aosach eile i gcónaí i láthair le linn taighde agus comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga.▪ Ní bhíonn caidreamh duine le duine ag foireann CNCM le leanaí/daoine óga ach amháin má tá aosach eile i láthair. I gcás suíomh luathbhlianta, is gá gur cleachtóir luathbhlianta a bheadh san aosach eile.▪ Ní mór do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois a bheith in éineacht le haosach agus iad ag freastal ar imeachtaí eagraithe ag an CNCM.

<p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanaí, daoine óga nó aosaigh leochaileacha le linn dóibh a bheith ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí faoi stiúir an CNCM, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó leochaileachtaí áirithe acu.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Lorgaítear toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí agus daoine óga faoi 18 bliana d’aois agus ó dhaoine óga os cionn 18 mbliana d’aois. ▪ Déantar cóip de Threoirphrionsabail an CNCM maidir le leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil (leathanach 1 den Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí) a chur ar fáil do gach thuismitheoir/caomhnóir agus do gach duine óg os cionn 18 mbliana d’aois. ▪ Glacann pearsanra CNCM aire agus cúram cuí agus iad ag pleanáil gníomhaíochtaí do leanaí agus daoine óga, chun a chinntiú go dtugtar tús áite i gcónaí d’fholláine an linbh nó an duine óig. ▪ D’fhéadfadh réamhchumarsáid idir an scoil agus pearsanra CNCM tacú le scoileanna aon áiseanna breise a ullmhú a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó leanaí nó daoine óga atá le bheith rannpháirteach agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó leochaileachtaí breise acu. ▪ Cuirtear in iúl do leanaí agus do dhaoine óga go bhfuil sé de cheart acu a bheith rannpháirteach agus deireadh a chur lena rannpháirtíocht am ar bith. Déanfaidh pearsanra CNCM nós imeachta a aontú leis an scoil roimh ré leis an méid seo a éascú. ▪ Bíonn Oifigigh Idirchaidrimh CNCM um Chosaint Leanaí freagrach as Cosaint agus Cumhdach Leanaí agus tacóidh siad le leas agus folláine páistí ag imeachtaí a eagraíonn CNCM
<p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh, duine óg nó aosach leochaileach sa chás nach dtugtar cúiseanna imní faoi deara, nach dtugtar tacaíocht ina dtaobh agus nach ndéantar iad a thuairisciú</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cuirtear oiliúint ar fáil d’fhoireann CNCM le linn ionduchtúcháin agus ar bhonn leanúnach, ag brath ar a gcuid riachtanas agus ar an leibhéal teagmhála a bhíonn acu le leanaí agus daoine óga. ▪ Bítear ag súil go mbeidh pearsanra CNCM ar an eolas faoina bhfuil sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí maidir le mí-úsáid a aithint, conas déileáil le nochtadh agus an fhreagracht atá orthu tuairisciú a dhéanamh.
<p>An riosca go ndéanfaí díobháil mar thoradh ar leanbh, duine óg nó aosach</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Déanann an CNCM bearta chun teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le foilsíú saothair a raibh baint ag leanaí agus daoine óga leis.

leochaileach a bheith aitheanta i saothar foilsithe	<ul style="list-style-type: none">▪ Déanann an CNCM bearta chun teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le foilsiú grianghraf de leanaí agus daoine óga▪ Déantar aon sonraí pearsanta a bhailítear mar chuid den toiliú a stóráil go slán, de réir mar a leagtar síos i mBeartas Cosanta Sonraí an CNCM.
--	--

Nósanna Imeachta

Chomh maith leis na nósanna imeachta atá ann, agus atá liostaithe i dTábla 1, chun rioscaí aitheanta a bhainistiú, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas le rún an CNCM leanaí a chosaint le linn dóibh a bheith ag úsáid ár seirbhísí.

Nós imeachta chun líomhaintí maidir le drochíde nó mí-úsáid linbh ag pearsanra CNCM a bhainistiú

- Úsáideann an CNCM Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, a leagann amach caighdeáin dóibh siúd atá ag obair sa Státseirbhís agus a thugann treoir maidir le conas is ceart líomhaintí in aghaidh fostaithe a bhainistiú, a bhaineann le drochíde nó mí-iompar.

Nós imeachta um earcú agus roghnú slán pearsanra, lena n-áirítear iad siúd atá ar conradh agus i mbun obair choimisiúnaithe, sa chás go mbíonn teagmháil acu le leanaí agus daoine óga.

- Déantar gach ball foirne buan lán-aimseartha a earcú trí mheán comórtais a eagraítear ag an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) thar cheann an CNCM agus, mar chuid den phróiseas sin, bíonn gach iarratasóir faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
- Ní mór do phearsanra ar iasacht ó bhunscoileanna agus ó iarbhunscoileanna a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta agus cruthúnas a chur ar fáil i dtosach na hiasachta go ndeachaigh siad faoi ghrinnfhiosrú tríd an gComhairle Múinteoireachta.
- Ní mór do mhúinteoirí bunscóile agus iar-bhunscoile a dhéanann obair choimisiúnaithe ar son an CNCM cruthúnas a chur ar fáil roimh thosach na hoibre go ndeachaigh siad faoi ghrinnfhiosrú tríd an gComhairle Múinteoireachta.
- Déanann an CNCM grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a shocrú do phearsanra nár earcaíodh trí aon cheann de na trí phróiseas a luaitear thuas, agus do dhaoine aonair a dhéanann obair choimisiúnaithe nó a bhfuil conradh acu le hobair a dhéanamh ar son an CNCM, sa chás go mbeidh teagmháil acu le páistí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí nó ag imeachtaí eagraithe ag an CNCM. Maidir leis na daoine sin a dhéanann obair choimisiúnaithe le leanaí agus daoine óga, ceanglaíonn an CNCM orthu cruthúnas a chur ar fáil go bhfuair siad oiliúint ar chosaint agus cumhdach leanaí.
- Mar chuid de phróisis tairisceana, ceanglaíonn an CNCM ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí a bhfuil conradh acu le taighde a dhéanamh don CNCM fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil gurb ann do na nósanna imeachta cuí maidir le cosaint agus cumhdach leanaí, sa chás go mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach sa taighde.

Nós imeachta chun imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú le Tusla

- Tá nósanna imeachta soiléire ag an CNCM chun imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú le Tusla (féach Aguisín A).

Nós imeachta chun liosta a choinneáil de na daoine siúd (más ann dóibh) a bhfuil sainordú acu

- Coinníonn an LTA don Fhoireann Luath-óige agus Bunscoile liosta de dhaoine faoi shainordú san eagraíocht atá ar an bhFoireann Luath-óige agus Bunscoile. Coinníonn an LTA don Fhoireann Iar-bhunscoile liosta de dhaoine faoi shainordú san eagraíocht atá ar an bhFoireann Iar-bhunscoile.

Nós imeachta chun duine iomchuí a cheapadh

- Chun críocha an chuid seo den Acht, is é **Arlene Forster (POF)** an duine iomchuí sa CNCM. Ba chóir aon fhiosrú i dtaca leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí a chur chuig arlene.forster@ncca.ie

Nós imeachta chun oiliúint agus eolas maidir le cumhdach leanaí - lena n-áirítear teagmhas díobhála a aithint - a sholáthar agus rochtain a chur ar fáil

- Ar chríochnú an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí, déantar é a scaipeadh i measc phearsanra CNCM ar fad. Chomh maith leis sin, cuirtear cóip ar fáil dóibh siúd atá ar conradh nó i mbun obair choimisiúnaithe, sa chás go mbeidh teagmháil le leanaí agus daoine óga.
- Cuireann Grúpa Oibre an CNCM um Thús Áite do Leanaí acmhainní, nuashonruithe agus oiliúint ar fáil do phearsanra, i gcomhréir le Straitéis Oiliúna na heagraíochta maidir le Cosaint agus Cumhdach Leanaí
- Tá an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí ar taispeáint go poiblí ag ceannoifig an CNCM ag 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, agus ag Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair, Cúil Chip Rua, Portlaoise, Co. Laoise. Chomh maith leis sin, tá sé ar fáil ar líne ag www.ncca.ie nó ar iarratas ó info@ncca.ie.

Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach atá i gceist le cur i bhfeidhm an ráitis seo. Tá an CNCM tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis seo maidir le Cumhdach Leanaí agus do na nósanna imeachta sin a thacaíonn lenár gcuspóir leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhíobháil le linn dóibh a bheith i dteagmháil le pearsanra CNCM. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí agus an chéad athbhreithniú eile beartaithe do Mheán Fómhair 2021, nó chomh luath agus is féidir i ndiaidh aon athrú ábhartha i dtaca le hábhar ar bith dá dtagraíonn an ráiteas.

Sínithe:



An tOllamh Mary O'Sullivan, Cathaoirleach

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

35 Cearnóg Mhic Liam

Baile Átha Cliath 2

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le do thoil le **Arlene Forster (POF)**, Duine Iomchuí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ag arlene.forster@ncca.ie